—1998—

'… liric dheas neamhurchóideach ocht líne'

Biddy Jenkinson

(Cathaoirleach: Siobhán Uí Fhoghlú)

Nuair a tugadh cuireadh dom Léacht Uí Chadhain a thabhairt thosaigh mé ag cuimhneamh ar an uair go rabhas féin im mhac léinn le Gaeilge anseo sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chuimhníos ach go háirithe ar an uair go ndeachaigh cuid againn ar thoscaireacht chuig an Ollamh Tomás de Bhaldraithe. Ba é an port a bhí againn ná gur theastaigh uainn a bheith inár scríbhneoirí agus go mba mhaith linn go gcuirfeadh Roinn na Nua-Ghaeilge é sin san áireamh agus cúrsaí léinn á gceapadh dúinn. Ar an toscaireacht sin bhí Siobhán Ní Fhoghlú, a bhíonn ag léachtóireacht anois ar an nualitríocht, Pádraig de Buis agus Aogán Ó Muircheartaigh a bhfuil clú bainte amach acu mar fhilí, agus mise mé féin atá ag filíocht anseo anocht os bhur gcomhair. Ní cuimhin liom go cruinn cad é a dúirt an tOllamh linn, díchuimhne Freudach, chuile sheans. Tá's agam gurb é an chomhairle a chuirfinn féin orm féin anois, dá mba mise eisean, cúram a dhéanamh den ghramadach, agus den léitheoireacht agus go ndeánfadh an bhé cúram den inspioráid. Tuigfidh sibh, áfach, go raibh an fhilíocht ag borradh i gCorcaigh ag an am agus nár mhaith linn go mbeadh an Life tánaisteach ar aon bhealach don Laoi.

Ba é an dara rud a rith liom agus mé ag cuimhneamh ar an oíche anocht ná go mbeadh deis eile agam labhairt le Máirtín Ó Cadhain. Bhíodh sé ina chigire seachtrach ag scrúduithe béil na Céime agus bhí an scrúdú ag teannadh linn. Níorbh fhada roimis sin a thug sé an léacht cáiliúil *Páipéir Bhána agus Páipéir*

Bhreaca uaidh. Bhí ar dhúirt sé i dtaobh na filíochta sa léacht sin ag déanamh scime dom. Abairtí ag dul thart im chloigeann 'is fusa go fada liric dheas neamhurchóideach ocht líne a chuma anois agus arís ná aiste a scríobh…', '…go leor de na daoine seo a scríobhas ocht líne an Sprid Naomh gach Cincís tá siad in acmhainn leabhar a chur ar fáil.'

Dá mbeadh deis agam agus scrúdú béil ar siúl, d'ardóinn bratach na filíochta. Ghoill an bhéim ar an liric ghairid, na hocht líne, orm. Bhí rún agam scéilín a insint dó i dtaobh Taillevent, an cócaire, a bhí ag Philippe VI de Valois. Réitigh an cócaire féasta don rí a sháraigh gach aon fhleá dá raibh riamh ann. Thréaslaigh an rí feabhas a chuid cócaireachta leis agus bhronn sé mála óir agus seachtar cumhal air. An tseachtain dár gcionn, ámh, ghlaoigh an rí ar ais air go feargach agus dhírigh sé a mhéar ar na cúntais. Bhí bille búistéara istigh ar mhíle muc don bhéile sin nach raibh ach cúig chéad duine ag freastal air. 'Mais mon cher!' arsa an rí 'Comment ça va? Dhá mhuc an duine?' 'Seigneur,' arsa an cócaire 'Sin é mo cheardsa. Sú míle muc a chur san aon mhuc amháin'. San liric bheag ghairid, san liric ghearr ocht líne a scríobhtar faoi inspioráid an Spioraid Naomh gach Cincís. Bhíos in Inis Meáin roimh na scrúduithe. Tháinig stoirm. Níor sheol an Naomh Éanna. Bhí orthu scrúdú béil ar leith a eagrú domsa. Bhí ar Mháirtín Ó Cadhain a theacht isteach go speisialta chun cigireacht a dhéanamh ormsa. Ní hamháin sin ach nuair a tugadh píosa le léamh dom bhí focal ann nár thuigeas, an focal 'mangarae', ('huxter's wares assorted collection, junk' atá ag Ó Dónaill). Thit an lug ar an lag, níor fhan focal agam. Seo agaibh anocht, mar sin, 'm'arrière pensée', 'l'esprit de l'escalier' tríocha bliain níos deireanaí.

Éigse agus Éigsíní

Ar ndóigh, tuigim anois nach ionsaí ar an bhfilíocht a bhí á dhéanamh ag Máirtín Ó Cadhain in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. B'fhearr leis prós a bheith á scríobh ná filíocht agus bhraith sé nach raibh '…fanta ag an bhfilíocht ach an liric ghearr agus gné nó dhó eile cosúil leis…' Mar adúirt Daithí Ó hUaithne: 'It was in this lecture that he said that the trouble with verse at the moment is that the good poets are writing too little and the bad poets too much.' Is éard d'fhreagair Ó hUaithne ná 'Nothing is more certain than that good poetry cannot exist without bad poetry existing as well.' Braithim fírinne an ráitis seo im chnámha. Ní gá ach breathnú ar 'Collected Poems' údar mór le rá ar bith le go bhfeicfidh tú oiread dríodair a bhíonn ag bun an bharaille. Cuimhnigh ar 'The Pond' le William Wordsworth. Dán dhá líne:

> I measured it from side to side.
> T'was six feet long by four feet wide.